náisiún imirce

ráiteas
ar
straitéis imeasctha
agus
bainistiú éagsúlachta



Brollach

Tá na hathruithe ar shreabhadh imirce in achar gearr mar a bhaineann siad le hÉire an-suntasach. Bhí athrú tobann ar phatrún na gcéadta bliain ina raibh muintir na hÉireann scaipthe ar fud an domhain. Mar thoradh ar ár rath eacnamaíochta, is, mar a deir an tAire d'Imeascadh sa Tuarascáil seo, inimircigh iad 12% dár ndaonra. Cruthaíonn sé seo dúshlán do shochaí a bhraitheann gur sochaí aonchineálach í.

Tá cinneadh rialtais na hÉireann Aire Imeasctha a cheapadh agus an Ráiteas Straitéise tábhachtach seo a fhoilsiú le moladh. Tá sé tábhachtach go bhfuil an rialtas tiomanta d'obair leis an sochaí shibhialta agus le daoine eile chun straitéis réalaíoch agus freagra iomlán a fhorbairt trasna Ranna éagsúla Stáit. Léiríonn pobalbhreitheanna an Eurobarometer go bhfuil an dearcadh dearfach in Éirinn maidir le himirce mar bhunús a bheimid in ann tógáil air chun straitéis réalaíoch imeasctha a thógáil.

Is limistéar é an Imirce a dteastaíonn comhoibriú agus plé uaidh ní hamháin go hinmheánach ach go seachtrach freisin, go háirithe ag leibhéal iltaobhach. Sa chéad dul síos éilíonn sí gníomhaíocht ag leibhéal an AE. Tá polasaithe anseo á bhforbairt. Beidh gá níos mó le pléite ag leibhéal domhanda agus áit amháin go bhfuil sé seo ag tarlú ná san Fóram Domhanda um Imirce agus Fhorbairt agus táim buíoch as an gcúnamh a thug Éire dó.



Peter Sutherland
Ionadaí Speisialta d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe d'Imirce agus d'Fhorbairt

Ráiteas ar imeascadh

Bhí tionchar ollmhór ag an imirce ar shaol na hÉireann mar is eol dúinn ón Stair agus ónár dtaithí féin mar chine é.

Insíonn na hÉireannaigh i dtíortha i gcéin cosúil leis an Nua-Shéalainn, an Astráil, an Airgintín, An Afraic Theas, Ceanada agus sna Stáit Aontaithe scéal imirceach na hÉireann agus a dtionchar ar fud an domhain. Ó thaobh na comharsan is gaire dúinn bhí daoine go síoraí ag gluaiseacht sa dá threo ar feadh na gcéadta.

Ó thaobh na Staire amháin de ní cur i gcéill é a rá go bhfuil féiniúlacht na hÉireann mar thoradh ar na daoine a d'fhág an tír chomh maith céanna leis na daoine a d'fhan sa bhaile.

Bhí sé mar thaithí go minic ag mo ghlún féin, ag scríobh mar dhuine a chuaigh ar imirce go déanach sna naoi déag ochtóidí nach raibh dóthain post in Éirinn, an tír a roghnaigh oideachas a thabhairt dúinn.

Mar atá ráite ag ár nUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa:

> *"Tá cuimhne gairid againn ar an uaigneas, ar an mothúchán gur theip orainn toisc nach rabhamar in ann soláthar dár muintir féin agus an misneach a bhain le saol nua a thosú i bhfad ó bhaile."*

Tá an Ráiteas Polasaí Aireachta preideacáidte ar an smaoineamh go bhfuil inniúlacht mhorálta, intleachtúil agus phraiticiúil ar leith ag Éirinn le hoiriúnú d'eispéireas an inimirce.

Tá níos mó ná 420,000 duine nár rugadh in Éirinn ina gcónaí sa tír seo againne agus is dóigh liom go bhféadfadh céatadán na ndaoine nach Éireannaigh iad a bheith chomh hard le 12% den daonra.

Is é príomhdhúshlán an rialtais agus shochaí na hÉireann ná daoine de chultúr, eitneachas, theanga agus chultúr an-éagsúil a imeascadh chun go mbeidh siad ina saoránaigh nua de chuid na hÉireann don 21ú chéad.

Is é an pointe tábhachtach a chaithfidh gach saoránach Éireannach tuiscint ná go bhfuil inimirce ag tarlú in Éirinn mar a gheall ar fheabhas ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar, a thosaigh ag tús na naoi déag nóchaidí, ach a bhí tógtha ar oscailt don domhan a chruthaigh Sean Lemass, nach maireann, mar Thaoiseach sna seascaidí.

Tá Éire rangaithe anois i measc na dtíortha is saibhre sa domhan bunaithe ar ioncam in aghaidh an duine.

Chun ár rachmas a dhaingniú caithfear inimirce leanúnach a thionlacan le hinfheistíocht athnuaite maidir le cobhsaíocht shóisialta agus an nasc is féidir a léiriú le táirgeadh.

Tá buntáistí soiléire ag an tsochaí le baint as inimirce atá bainistithe go ceart agus léiríonn próifíl dhéimeagrafach na n-inimearcach a mheallamar go hÉirinn go dtí seo é seo go grinn.

Tá cóimheasa rannpháirtíochta sa lucht oibre d'aosaigh ar inimircigh iad níos mó ná 90% i gcomparáid le breis agus 65% don daonra dúchais.

Coinníonn baic sna limistéir de shealbhú scileanna teanga agus aitheantas ar cháilíochtaí ar leibhéal céime agus cáilíochtaí nach ar an leibhéal céime iad go leor inimircigh i jabanna a bhfuil an iomarca cáilíochta acu lena n-aghaidh.

Tá patrún inimirce na hÉireann i bhfad difriúil ón scéal sa chuid eile den Eoraip agus an domhan toisc go dtagann formhór ár n-inimirceach as tíortha san Aontas Eorpach seachas as tíortha sna hilchríocha eile.

Mar sin céard atá le déanamh ag do Rialtas, do chomhlachtaí poiblí agus ár sochaí chun imeascadh na n-imirceach a bhaint amach?

Faoin Ráiteas Polasaí Aireachta tá na príomhghníomhartha seo a leanas beartaithe:

* Tiomantas do dhlíthe inimirce a éascaíonn agus a chuireann srian ar rochtain go hÉirinn d'inimircigh oilte a bhfuil páirt le glacadh acu.

*Bealach foirmiúil chun Cónaitheacht bhuan agus Saoránacht a bhaint amach dóibh siúd atá incháilithe.

* Próiseas tearmainn éascaithe a laghdaíonn moilleanna iomarcacha ó thaobh riaracháin agus an dlí de.

* Maoiniú sonrach ó earnáil an Rialtas agus ón earnáil dhaonnachtúil chun tacú le bainistiú éagsúlachta sna hÚdaráis áitiúla, i bpáirtithe polaitíochta, i gcomhlachtaí spóirt agus i ngrúpaí bunaithe ar chreideamh a bhíonn ag déileáil le riachtanais imirceach ó lá go lá.

* Saoránacht agus cónaitheacht fhadtéarmach a bheith ag brath ar inniúlacht na scileanna i dteanga labhartha na tíre.

* Níos mó tacaíochta dírithe ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí atá ag déileáil le héagsúlacht sa seomra ranga nó ar scoil.

* Beartais fheabhsaithe institiúideacha agus reachtúla le bheith in áit chun dul i ngleic le dúshaothrú nó idirdhealú in aghaidh imirceach i gcomhthéacs feidhmithe an Rialtais de "I dtreo 2016".

* Struchtúir nua chun cabhrú leis an dinimic athruithe d'inimirce go hÉirinn agus chun í a léiriú i.e. Coimisiún seasta ar Imeascadh, Comhairle Aireachta d'imircigh agus Tascfhórsa chun riachtanais polasaí amach anseo a fháil amach .
Mar sin, go bunúsach, is mar bhonn agus thaca le polasaí stáit agus le heolas a thabhairt dó maidir le imeascadh a bheidh na príomhphrionsabail seo a leanas:

* Cur chuige comhpháirtíochta idir an Rialtas agus eagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad, chomh maith le comhlachtaí sochaí sibhialta, chun deiseanna imeasctha a fheabhsú agus a dhoimhniú.

* Nasc láidir idir Polasaí imeasctha agus beartais, straitéisí agus tionscnaimh níos leithne de chuid an Stáit do chuimsiú sóisialta.

* Polasaí poiblí dírithe ar chruthú sochaithe agus pobal chomhthreomha agus geiteonna uirbeacha a sheachaint i.e.gnáthchur chuige maidir le seirbhísí a sholáthar d'imircigh

* Tiomantas do mheicníochtaí áitiúla seachadta a dhéanann ailíniú ar sheirbhísí d'inimircigh le seirbhísí do phobail bhundúchasacha.

Léiríonn fianaise an taighde go léir atá le fáil ó phobalbhreitheanna go bhfuil muintir na hÉireann, á gcur iad féin in inmhe go maith, leis an athrú an-tapaigh, i gcomparáid le tíortha thar lear, i dtreo na héagsúlachta a tháinig ar an tír seo,.

Léiríonn suirbhéanna gairmiúla ar thuairimí, a rinneadh ar leibhéal na tíre seo agus na hEorpa go bhfuil a lán teagmhála ag Éireannaigh lenár bpobal nuathagtha agus go dtarlaíonn níos lú ionsaithe ciníocha ar inimircigh aonair.

Caithfimid leanúint ar aghaidh le ceisteanna inimirce a bhainistiú go goilliúnach toisc go bhfuil cáil orainn a bheith cairdiúil agus fáilteach agus go bhfuil na tréithe céanna mar fhéiniúlacht againn.

Sráid dhá threo a bheidh i bpolasaí imeasctha in Éirinn agus baint aige le cearta agus dualgais na n-imirceach a chónaíonn agus a oibríonn in Éirinn agus go háirithe leo siúd atá ag iarraidh saoránacht na hÉireann a bhaint amach .

Cuirfidh na cainteanna náisiúnta atá le teacht idir na comhpháirtithe sóisialta deis eile ar fáil chun polasaithe ar imeascadh a athbhreithniú agus maidir leis sin beidh m'oifig ag cur moltaí ar aghaidh d'imeascadh, go háirithe ó thaobh oibrithe imirceacha a chosaint ó dhúshaothrú.

Conor Lenihan TD

I dTreo 2016

Pobail Imirceacha a imeascadh

Cuirfear críoch le creatlach nua chun dul i ngleic leis an gceist níos leithne de pholasaí imeasctha. Déanfaidh an rialtas straitéis chuimsitheach a fhorbairt do gach imirceach a bhfuil cónaí dleathach orthu in Éirinn tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara cuí, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, a thógfaidh ar agus a bheidh ceangailte leis an dul chun cinn atá déanta cheana féin sna limistéir de chuimsiú sóisialta agus frithchiníochas. Déanfar forbairt ar na meicníochtaí comhordaithe cuí chun straitéis mar seo a chur i bhfeidhm agus déanfar cíoradh ar an scóip atá ann d'eagraíochtaí sochaí sibhialta ról a imirt.

Coinneofar le raon straitéisí mar chuid den Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais. Anuas ar sin rachfar i ngleic le ciníochas san ionad oibre go réamhghníomhach sa tSeachtain um Ionad Oibre Frithchiníoch ag teacht le dea-chleachtas idirnáisiúnta sa réimse seo.

Tá freagairt scartha ar leith sa Chomhaontas seo chun dul i ngleic le dúshaothrú oibrithe imirceacha agus oibrithe leochaileacha eile.

Straitéis Imeasctha

Níl comhtháthú cosúil leis na limistéir polasaí phoiblí eile a bhfuil níos mó struchtúr ag baint leo, tá comhtháthú faoi thiomáint próisis agus mar a léiríonn eispéireas ó thar lear, athraíonn an polasaí sin thar am – uaireanta tagann mórathrú air mar thoradh ar athruithe tapaigh ar an tsochaí, ar an margadh oibre agus mar thoradh ar bhallraíocht na hÉireann san AE. Tá comhairle leanúnach ag teastáil sa limistéar seo chomh maith. Go deimhin, tugadh gealltanais maidir leis seo cheana féin i gcomhthéacs na bpléite comhpháirtíochta le gairid agus i gcomhthéacs an Phlean Fhorbartha Náisiúnta. Chuir **i dTreo 2016** in iúl go sonrach gur chóir cíoradh a dhéanamh ar ról a thabhairt don tsochaí shibhialta le polasaí imeasctha a fhorbairt.

Beidh gá le struchtúir a léiríonn nuashonrú leanúnach an pholasaí má táthar chun dúshláin imeasctha a shárú. Mar chuid de chomhairle leanúnach mar seo áfach, agus chun a éifeachtacht a fheabhsú meastar go bhfuil an t-am tagtha le ráiteas a fhoilsiú faoi pholasaí náisiúnta sa limistéir seo agus leis an gcreatlach a leagan amach inar féidir é a fhorbairt agus a chur in iúl.

Beidh ar na hearnálacha príobháideacha agus poiblí machnamh a dhéanamh ar roghanna polasaí ach laistigh den earnáil phoiblí tá cur chuige rialtais uile an-tábhachtach Leag an Chomhairle Shóisialta Náisiúnta agus Eacnamaíochta (NESC) béim ar seo sa tuarascáil ar imirce dá chuid ina bhfuil sé mar chonclúid aici go bhfuil comhtháthú na n-imirceach ar cheann de na cúinsí is tábhachtaí maidir le teip nó rath na himirce a chinntiú. , Tarraingíonn anailís na Comhairle aird ar an ngá le cur chuige ‘rialtais uile’ maidir le polasaí imirce, arna dtacú ag socruithe oiriúnacha institiúideacha. Chomh maith leis seo tacaíonn an anailís go láidir le gnáthpholasaí.

Sa mhéid is go ndéantar an argóint go bhfuil gá le frithchiníochas ach nach leor é chun imeascadh sóisialta a bhaint amach, is féidir an argóint a dhéanamh chomh maith go bhfuil gá le comhtháthú ach nach leor é chun comhghreamú sóisialta a bhaint amach. Ag an am céanna caithfear a admháil, go ndíreoidh polasaí imeasctha ar go leor daoine nach mbeadh clúdaithe faoin na sainmhínithe traidisiúnta ar eisiamh sóisialta agus ar mhíbhuntáiste. Mar sin féin, is féidir an chuid is mó leasa a bhaint as sineirgí na dtrí rud seo trí comhtháthú a bheith mar chuid d’iarracht iomlán an Rialtais chun comhtháthú sóisialta a bhaint amach, ag baint úsáide as na struchtúir agus córais atá ann cheana féin go háitiúil agus go náisiúnta nuair is cuí. Toisc go bhfuil an polasaí imeasctha fréamhaithe go daingean laistigh de chreatlach pleanála sóisialta an Rialtais tá an buntáiste ann nach mbaineann an díospóireacht faoi imeascadh le himircigh amháin.

Is ionann na daoine a sheachadann na seirbhísí– Ranna agus Gníomhaireachtaí, eagraíochtaí áitiúla, eagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad srl. Tagann an maoiniú dé ghnáth as na sruthanna céanna nó is féidir é a oiriúnú go ciallmhar ionas go dtiocfaidh sé as na sruthanna céanna Trí bhonn na gcliant a nascadh le chéile agus trí na pobail nua a chur san áireamh i gcláir imeasctha ina iomláine bíonn claonadh nádúrtha i dtreo

Náisiúnaigh nach Éireannaigh iad de réir Náisiúntachta (Figiúrí de réir Daonáirimh 2006)



	AE	An Chuid eile den Eoraip	An Afraic	An Áise	Meiriceá	An Astráil	An Nua-Shéalainn	Eile	Ilnáisiúntacht
Series1	275,775	24,425	35,326	46,952	21,124	4,033	1,756	7,984	2,358

imeasctha ón tús. Tá sé tábhachtach sa chomhthéacs seo go leanfar le comhionannas, príomhshruthú agus cur chuige “Rialtais Uile” a léiriú sa ghné nua imeasctha atá beartaithe Beidh an ghné príomhshruthaithe an-tábhachtach de réir dearcadh na bpobal nua.

Is é an rud tábhachtach é go bhfuil tiomantas soiléir ann, de réir dearcadh straitéiseach, le comhtháthú a chur san áireamh san chreatlach uile um chuimsiú sóisialta d’acmhainní a sholáthar agus a phleanáil. Bheadh an chiall ag cuid d’impleachtaí an phrionsabail seo go gcaithfidh cláir um chuimsiú sóisialta cuspóireacha imeasctha, cláir, maoiniú agus socruithe monatóireachta a shonrú.

Mar atá sé pléite sa ráiteas seo agus molta ag an Staidéar NESC, ba chóir cur chuige príomhshruthaithe a ghlacadh maidir le soláthar seirbhísí do na pobail nua. Aithníodh gur gléasanna tábhachtacha iad seirbhísí a sholáthar go héifeachtach agus go cothrom maidir le cuspóirí imeasctha a bhaint amach . Tá deis níos fearr ag pobail a bheith imeasctha má tá seirbhísí oideachais agus sláinte réasúnta á bhfáil acu agus má tá jab agus teach maith acu.

Fad atá gá le seirbhísí sprioctha i gcásanna gearrthéarmacha, ba chóir tabhairt faoi deara go bhfuil na diminsin spriocaimsithe seo gan chlaonadh maidir leis an ngá ollmhór atá ann glacadh le cur chuige príomhshruthaithe uilegabhálach do sheirbhísí imeasctha. Muna ghlactar le cur chuige mar sin, meastar go mbeidh seirbhísí leithscartha ann dá bharr, agus dá bharr sin, go mbeidh pobail leithscartha ann.

I measc na n-impleachtaí do Ranna Rialtais beidh:

- príomhshruthú réamhghníomhach seirbhísí do na pobail nua.
- athbhreithniú ar sheirbhísí agus b’fhéidir iad a phríomhshruthú amach anseo sa chás go bhfuil seirbhísí sprioctha á soláthar ag comhlachtaí nach comhlachtaí poiblí iad.
- gá le haithint go sonrach cén ait a bhfuil spriocdhíriú fadtéarmach eisceachtúil oiriúnach lasmuigh de phríomhshruthú.

Go cinnte teastóidh goilliúnacht ón gcur chuige seo i seirbhísí a sheachadadh a léireoidh éagsúlachtaí cultúir, is féidir a bheith ann, mar shampla, in oideachas agus sláinte.

Leagadh an bhéim cheana féin ar rannpháirtíocht shibhialta mar ghléas chun comhtháthú rathúil a bhaint amach agus áirítear leis seo go nglacfaidh na pobail nua páirt sa phróiseas forbartha polasaí. Fad is ann do thiomantas do chomhairle, ní gá machnamh a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun an chomhairle seo a bhaint amach. Ní gá go mbeadh an réiteach ag fóraim mhóra ghinearálta d’inimircigh amháin mar tá dúshláin ar leith ag baint leo. Mar a dúradh cheana, caithfidh comhairlí ionadaíocht cheart a dhéanamh, caithfidh siad a bheith faoi thiomáint cláir oibre agus caithfear iad a úsáid i gcomhthéacs straitéise soiléire ar chomhtháthú sóisialta ina iomláin.

Tagraíonn an dara pointe a bhfuil baint láidir aici leis an bpointe thuasluaite don gá a bhfuil ann tógáil ar inniúlacht na bpobal nua le cabhrú leo a riachtanais a chur in iúl agus comhairle a dhéanamh. Tá ceist bhunúsach faoi

ionadaíocht na bpobal nua ag eagraíochtaí Éireannacha nach eagraíochtaí rialtais iad atá mar fhachtóir i gcothromóid na comhairle.

Baineann impleachtaí de chomhairle éifeachtach leis na rudaí seo a leanas:

- toisc gur próiseas atá i gcomhtháthú, ba chóir go léireodh meicníochtaí comhairle ionchur leanúnach maidir le polasaí
- caithfear sineirge a chruthú idir pléite atá ann anois agus pléite atá molta ar rannpháirtíocht shibhialta agus ar ábhair a bhaineann leis
- ba chóir breithniú a dhéanamh ar phobail nua a chuimsiú i meicníochtaí náisiúnta comhairle, lena n-áirítear comhpháirtíocht shóisialta
- Caithfear an inniúlacht a thabhairt do phobail mhionlaigh eitneacha dul i ngleic le soláthróirí seirbhísí Stáit a mbeidh orthu, b'fhéidir, dul i ngleic ar bhonn níos mó leis na pobail nua ar ábhair polasaí a bhaineann lena seirbhísí féin.

Is comhdhúshlán é comhtháthú don tsochaí ina hiomlán agus ní éireoidh leis muna n-imríonn gach earnáil ról gníomhach cuiditheach. Mar a thug an tuarascáil NESC le fios cheana, cé go bhfuil príomhról le himirt ag an rialtas, braitheann comhtháthú rathúil ar shocaí shibhialta bheoga.

Maidir le róil faoi seach an óstphobail agus na bpobal nua a shoiléiriú déanann an ráiteas polasaí seo iarracht béim a chur ar an gcoincheap gur próiseas dhá bhealach atá i gcomhtháthú a dteastaíonn comhoiriúnú uaidh.

Tá na samplaí seo a leanas i measc na gcúinsí a bhaineann le húinéireacht phobail agus institiúide:

Pobail Nua

- Meas a bheith acu ar éagsúlachtaí cultúir
- Gach iarracht a dhéanamh na príomhghnéithe a bhaineann le sochaí na hÉireann agus le modh maireachtála na hÉireann a thuiscint agus a fhoghlaim
- Rannpháirtíocht i rachmas uile na tíre a uasmhéadú trí obair agus teagmháil shóisialta leis an óstphobal
- Tabhairt faoi na mbunscileanna imeasctha cosúil le sealbhú teanga agus forbairt scileanna agus a bheith tiomanta dóibh

Óstphobal

- Meas a bheith acu ar éagsúlachtaí cultúir
- Iad féin a chur ar an eolas faoi na pobail nua seachas glacadh le tuairimí miotasacha agus steiréitíopacha
- Comhtháthú i bpobail áitiúla a spreagadh.

Earnáil chorparáideach

- An clár freagrachta sóisialta ginearálta a chíoradh maidir le núíosaigh
- Inniúlachtaí idirchultúrtha a fhorbairt ag leibhéal na heagraíochta
- Cloí go beacht le dlí comhionannais agus fostaíochta

- Imeascadh a chur chun cinn san ionad oibre.

Ceardchumainn

- Ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na bpobal nua san ionad oibre.
- Tacú le imeascadh na bpobal nua mar bhaill de cheardchumainn agus mar bhaill den sochaí shibhialta níos leithne.

Meáin

- Tuairisciú freagrach a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le himirce agus leis na pobail nua

Eagraíochtaí pobail agus deonacha

- Iarracht ar leith a dhéanamh núíosaigh a dhéanamh páirteach ina n-eagraíochtaí, mar shampla i limistéir an spóirt, na n- ealaíon agus an chultúir


Imircigh de réir náisiúntachtana
(de réir Daonáirimh 2006)
EU New Member States
(EU 10)
29%
An Chuid eile den Eoraip
6%
An Afraic
8%
An Áis
11%
Meiriceá
5%
An Astráil
1%
Eile
3%
An Ríocht Aontaithe
27%
achas an Ríocht
ontaithe)
10%
An Ríocht Aontaithe
AE 15 (seachas an Ríocht Aontaithe)
Ballstáit nua de chuid an AE (AE 10)
An Chuid eile den Eoraip
An Afraic
An Áise
Meiriceá
An Astráil
Eile

Mar atá i gceist le limistéar polasaí ar bith, caithfear soiléiriú a bheith ann maidir le róil faoi seach na Ranna agus na Gníomhaireachtaí cuí le haghaidh dearadh agus cur i bhfeidhm éifeachtach . Is amhlaidh atá an cás seo go háirithe toisc go bhfuil an cheist nua agus casta. Is samplaí iad na rudaí seo a leanas de 'roinnt an tsaothair' idir Oifig an Aire do Imeascadh(OMI) mar an eagraíocht i gceannas agus na Ranna cuí líne:

Oifig an Aire 'd'Imeasctha

- Struchtúir chuí rialachais a fhorbairt chun a sainordú imeasctha a chur i bhfeidhm go rathúil.
- polasaí imirce uile a fhorbairt
- ról comhordaithe ginearálta agus "ceannaireacht" ar thionscnaimh imeasctha go háirithe maidir le forbairtí idirnáisiúnta
- naisc leis an AE a chomhordú
- réitigh a fhorbairt agus a chur chun cinn maidir le fadhbanna leathana
- cruinnithe tráthúla a shocrú den Ghrúpa tras-Rannach ar Imeascadh a bhfuil an tAire d'Imeascadh le bheith ina chathaoirleach orthu
- sineirge a chinntiú idir straitéisí uileghabhálacha agus treoirlínte a fhorbairt ar mhaoiniú, ar theanga, agus ar sholáthar eolais srl.
- maoiniú - ach amháin sa chás go bhfuil sé lasmuigh de chúram maoinithe na Ranna
- Cinntiú go bhfuil an fochoiste comh-aireachta ar chuimsiú sóisialta, ar leanaí agus ar imeascadh coinnithe ar an eolas maidir le dul chun cinn ag Oifig an Aire 'd'Imeasctha

Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais

- struchtúir chuí rialachais a fhorbairt chun a sainordú imeasctha a chur i bhfeidhm go rathúil.
- polasaí imeasctha rannach a fhorbairt mar a bhaineann sé (a) leis an Roinn agus (b) le polasaí náisiúnta uile
- sineirge a chinntiú idr tionscnaimh do chuimsiú sóisialta a bhfuil baint acu lena chéile.
- seachadadh seirbhísí
- rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú
- polasaí a fhorbairt / seirbhísí a phleanáil do na pobail nua
- seirbhísí a phríomhshruthú go gníomhach nuair is cuí
- seirbhísí sprioctha a athbhreithniú
- sruthanna maoinithe cuí a fhorbairt.
- plé cuí a forbairt leis na heagraíochtaí cuí nach eagraíochtaí rialtais iad agus na struchtúir áitiúla
- "inniúlacht idirchultúrtha eagraíochta" a fhorbairt

Slite beatha- Náisiúnaigh nach Éireannaigh iad

(De réir Daonáirimh 2006)



Tá sé deacair rómheastachán a dhéanamh ar thábhacht meicníochtaí éifeachtacha do sheachadadh áitiúil. Maireann imeascadh, tarraingíonn sé anáil agus go deimhin faigheann sé bás, ag leibhéal an phobail. Tá gá le héifeachtacht áitiúil ionas go mbeidh idirghabháil imeasctha rathúil ann. Tá sé tábhachtach pleanáil, acmhainní agus straitéis a chomhordú ag an leibhéal seo, agus tá sraith leathan de struchtúir agus d'eagraíochtaí ann faoi láthair a bhfuil sé de chumas acu a bheith ina n-innill éifeachtacha seachadta do bhearta imeasctha.

Fad is atá roinnt pleananna frithchiníochais, éagsúlachta agus idirchultúrtha tagtha chun cinn i gcuid de na gcomhchruinnithe uirbeacha dár gcuid ní raibh aon fhócas ceart fada ar imeascadh sna cathracha cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh anois sa limistéar seo. Tá cás soiléir ann taighde agus acmhainní a dhíriú ar phleananna foirmiúla imeasctha do na cathracha móra dár gcuid agus tá an cur chuige seo ag cloí le forbairtí thar lear.

Éilíonn Seachadadh éifeachtach áitiúil na rudaí seo a leanas:

- Ní mór d'athbhreithniú reatha ar struchtúir áitiúla cuspóirí imeasctha a léiriú.
- Léiríonn comhordú ag an leibhéal áitiúil níos mó dúshlán ná ag an leibhéal lárnach toisc go bhfuil raon ollmhór d'eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí páirteach ann.
- Ba chóir do na prionsabail imeasctha iad féin, go háirithe na cinn a bhaineann le príomhshruthú agus le cuimsiú sóisialta a bheith corpraithe i bpleananna dá leithéid ionas nach mbeidh ceisteanna cosúil le bloghadh seirbhísí agus straitéisí ann arís ag an leibhéal áitiúil.
- Béim ar leith ar phleanáil uirbeach mar uirlis thábhachtach do imeascadh uirbeach.

Tá polasaí bunaithe ar fhianaise le sonrú go mór mar ghné i bpleanáil seirbhíse poiblí in Éirinn agus tá sé tábhachtach go háirithe sa réimse imeasctha. Tá bearnaí suntasacha san eolas atá againn ar na pobail nua, agus ní dheachaigh an daonáireamh le gairid i ngleic ach le cuid de na bearnaí seo. Tá caighdeán an taighde ar imirce tar éis a bheith fánach agus éagsúil –cuireadh an milleán go minic ar na deacrachtaí a bhain le sonraí cuí a fháil. Níl aon staidéar údarásach déanta sa limistéir seachas an tuarascáil NESC ar pholasaí imirce.

Tá réimse leathan staidéar clúdaithe ag an gceangal idir comhtháthú agus taighde ó staidéir ardfhócasaithe straitéiseacha ar chomhpháirteanna ar leith d'imeascadh go taighde fairsing acadúil ar shamhlacha imeasctha. Tá an chéad cheann dé ghnáth faoi réir ceisteanna práinneacha ar an talamh agus go minic léiríonn an dara ceann leas de chuid cláir thaighde ar leith. Tá gá leanúnach leis an dá cheann.

Tá ceithre réimse á scrúdú faoi láthair maidir le straitéis agus rinneadh tagairt dóibh cheana sa ráiteas seo. Baineann siad le hoiliúint i mBéarla, teangaireacht, maoiniú agus tithíocht. Beidh sé tábhachtach go mbainfí leas as torthaí leanúnacha na staidéar seo maidir le bainistíocht i gcoitinne agus maidir le forbairt polasaí imeasctha.

Tá borradh faoin taighde acadúil ar imeascadh agus caithfear naisc leis an earnáil acadúil a chothú chun an breisluach don Stát a uasmhéadú maidir leis an gcaipiteal intleachtúil atá ann . Tá sé seo fíor chomh maith i gcás iarrachtaí taighde níos leithne ar pholasaí sóisialta.

Seachas an gá atá ann polasaí imeasctha a threorú ag taighde, tá dualgas ann atá gaolmhar leis, ná polasaí a athbhreithniú ó thaobh na dtorthaí atá bainte amach. Tá sé thar a bheith deacair torthaí d'imeascadh a thomhas ach níl mórán tairbhe le baint as polasaí nach féidir a thomhas. . Tá go leor oibre déanta sa limistéar seo go hidirnáisiúnta agus caithfear an obair seo a mheas i gcomhthéacs na hÉireann. Mhol an t-Easpag Nicholas DiMarzio as Brooklyn* sampla amháin de chóras tomhais nuair a bhí sé ar cuairt in Éirinn le déanaí - féach an chéad leathanach eile.

_____

Fonóta:
Is ball é an t-Easpag Di Marzio de phainéal ardleibhéil a bunaíodh i 2005 ag Rúnaí an U.N. ag am sin, Kofi Annan. Iarradh ar an bpainéal, a raibh Peter Sutherland as Éirinn mar chathaoirleach air, an imirce a scrúdú maidir leis an tionchar atá aige ar shlándáil dhomhanda agus ar fhorbairt an duine.

Táscairí imeasctha

Táscaire	Cur síos
Rannpháirtíocht sa lucht oibre	Bunchineál de rannpháirtíocht eacnamaíochta
Sealbhú teanga	An méid a ghlactar le Béarla mar dara teanga an imircigh
Leanúint le hoideachas	Breisoideachas a fháil nó ar a laghad úsáid a bhaint as na hacmhainní oideachais atá ar fáil do leanaí na n-inimirceach
Seirbhís mhíleata	Léiríonn rannpháirtíocht sa tsochaí nach bhfuil bunaithe ar shaoránacht
Ráta eadóirseachta	Oiriúnú ceart agus a bheith mar shaoránaigh iomlána
Vótáil	Roghanna polaitiúla agus roghanna daonlathacha a dhéanamh
Úinéireacht tí	Léiríonn lonnaíocht nach ceangal sealadach í
Idirphósadh	An t-athróg is tábhachtaí maidir le comhtháthú sóisialta

Táscairí de chuid na Stát Aontaithe d'imeascadh sóisialta mar a luaigh an t-Oirmhinneach Nicholas DiMarzio, Easpag Brooklyn iad

Is mar seo a leanas atá cuid de na himpleachtaí a bhaineann le polasaí atá bunaithe ar fhianaise a chur i bhfeidhm:

- ba chóir bunachar sonraí de thaighde reatha a chruthú agus bealach a cheapadh chun é a choinneáil suas chun dáta.
- ba chóir cíoradh a dhéanamh ar na naisc atá ann leis an earnáil acadúil agus forbairt a dhéanamh orthu.
- ba chóir dul i ngleic leis an easnamh ó thaobh sonraí atá ar fáil faoi na pobail nua mar chuid d'obair leanúnach na struchtúr nua tras-Rannach

Beidh gá le tacar cuí de shocruithe institiúideacha chun na prionsabail a chur i bhfeidhm. Caithfear measúnú cúramach a dhéanamh ar na socruithe seo maidir leis na cinn atá i bhfeidhm cheana féin ionas nach mbeidh na struchtúir chéanna do limistéir pholasaí ann faoi dhó. Tá an cás seo léirithe go maith ag bonneagar do chuimsiú sóisialta atá ann cheana agus struchtúir rialtais a bhfuil baint acu leis.

I measc na dtascanna a bhaineann leis an éileamh ar shocruithe institiúideacha d'imeascadh beidh na rudaí seo a leanas:

- Limistéir pholasaí a bhaineann le comhtháthú agus a dteastaíonn comhordú uathu a aithint agus a mhapáil.
- Sa chás go bhfuil limistéir leathana ann a léiríonn easnaimh institiúideacha, staidéir straitéiseacha chuí a gcur i gcrích chun rialachas níos fearr a cheapadh chun dul i ngleic leis na heasnaimh seo. (Tá oiliúint i mBéarla agus soláthar eolais ábharthach maidir leis seo).
- Caithfidh socruithe institiúideacha soláthar a dhéanamh do dhul chun cinn comhorduithe ar sheirbhísí tábhachtacha imeasctha -tithíocht, fostaíocht, sláinte, oideachas, tacaíochtaí shóisialta, forbairt phobail, oiliúint -nó ní bheidh feidhm iomlán ag limistéar ar bith. Tá seans go ndéanfadh dul chun cinn ar cheann amháin, gan an dul chun cinn céanna ar an gceann eile, cealú ar thoradh a raibh an cuma air gur neartú a bhí ann in imeascadh iomlán.
- faoi dheireadh caithfidh socruithe institiúideacha a bheith solúbtha go leor chun bualadh le dúshláin nua sa réimse nua seo atá ag athrú go tapaigh .

Taithí Eorpach

Níl ach taithí theoranta náisiúnta againn cé go ndearnamar iarracht a mhéid dul chun cinn is féidir a dhéanamh le blianta beaga anuas. Tá tíortha eile ag idirghníomhú leis an tsaincheist seo ar feadh na nglún, i gcásanna áirithe. Rinne an Tuairisc NESC ar Imirce iarracht samhlacha idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm ar chás na hÉireann. Ullmhaíodh roinnt tuairiscí eile a dhéanann iarracht ceachtanna do bheartas Éireannach a fhoghlaim ó thaithí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Tuairisc an Choiste Oireachtais maidir le Beartas Imirce agus Lánpháirtíochta in Éirinn.

Agus samhlacha idirnáisiúnta den leithéid seo á gcur i bhfeidhm, is é an gné is tábhachtaí ar gá aird a thabhairt uirthi ná go dtarlaíonn lánpháirtíocht sa chomhthéacs an-sonrach de chultúir agus traidisiúin, córais dlí, startha inimirce, cleachtais iontrála, próifílí creidimh agus córais chomhluachanna indibhidiúla. Ní hionann sin agus a rá nach féidir ceachtanna a fhoghlaim, ach ní mór ceachtanna dá leithéid a scagadh go cúramach chun freastal ar na difríochtaí sin. Mura gcuirtear na nithe seo san áireamh déanfar comparáidí neamhbhailí agus cruthófar beartais lánpháirtíochta lochtacha.

Luadh cheana féin gurb é an domhandú, i measc feiniméin idirnáisiúnta eile, a nascann muid le Stáit eile agus a dhéanann caighdeánú ar na heispéiris is gluaiseacht daoine is cúis leo. Mar bhallstát de chuid an AE, tá an nasc sin mar chinntitheach cumhachtach de shaincheisteanna lánpháirtíochta, agus tá ról an AE thar a bheith ábhartha. Go ginearálta, agus é ag fáil tuisceana ar nádúr comhthéacsúil na lánpháirtíochta, baineann an AE úsáid as cur chuige atá séimh go leor i ndáil le comhordú beartais idirnáisiúnta, agus díríonn sé ar chur i láthair agus forbairt an dea-chleachtais in áit ar an gcomhchuibhiú. Mar sin, bíonn tionscnaimh cheannasaíochta an AE dírithe ar mhalartú faisnéise agus ar phrionsabail lánpháirtíochta atá i gcoitinn ag Ballstáit.

Tuigtear, áfach, agus is minic a chuirtear an tuiscint seo in iúl i gcáipéisí an Choimisiúin, go mbíonn impleachtaí ag rath nó teip aon Bhallstáit do Bhallstáit eile, i bhfianaise na saoirse gluaiseachta laistigh den Aontas. Mar gheall air sin, agus fachtóirí eile, spreagadh an AE chun spéis níos mó a chur san ábhar seo. D'fhoilsigh siad sraith de **Chomhphrionsabail Lánpháirtíochta Bhunúsacha** agus, de réir a chéile, tá na Ballstáit ag glacadh leis na prionsabail seo i bhfoirm amháin nó i bhfoirm eile. Mar a luadh cheana féin, chuaigh siad, agus téann siad fós, i gcion go mór ar fhorbairtí lánpháirtíochta in Éirinn.

Comhphrionsabail Bhunúsacha na hEorpa um Imeascadh

BHUNAIGH COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA HIONADAITHE Ó RIALTAIS NA MBALLSTÁT:
na comhphrionsabail bhunúsacha seo a leanas do pholasaí imeasctha inimirceach san Aontas Eorpach (COM(2005)0389 Deiridh)

1. Is phróiseas dhá-bhealach dinimiciúil atá sa imeascadh bunaithe ar chomhréiteach agus ar chomhthairbhe gach inimircigh agus gach duine a bhfuil cónaí orthu sna Bhallstáit.

2. Tuigtear le imeascadh go bhfuil meas ann ar bhunluachanna an Aontais Eorpaigh.

3. Tá fostaíocht mar dhlúthchuid den phróiseas imeasctha agus tá áit lárnach aici maidir le rannpháirtíocht na n-inimirceach, agusarannchuidiú na n-inimirceach le sochaí na hÉireann agus an rannchuidiú seo a dhéanamh sofheicthe.

4. Chun imeascadh a bhaint amach, ní foláir buneolas a bheith ann ar theanga, ar stair agus ar institiúidí na hóstsochaí; tá sé riachtanach freisin go bhfaighidh inimircigh an deis an t-eolas bunúsach seo a fháil.

5. Tá iarrachtaí ó thaobh an oideachais de ríthábhachtach le go n-ullmhófar inimircigh agus go háirithe sliocht na n-inimirceach, chun a bheith níos rathúla agus níos gníomhaí mar rannpháirtithe sa tsochaí.

6. Tá sé mar bhunchloch ag imeascadh níos fearr go mbeadh teacht ag inimircigh ar institiúidí, ar earraí poiblí agus príobháideacha agus ar sheirbhísí ar bhonn comhionann le saoránaigh náisiúnta agus nach mbeadh idirdhealú i gceist.

7. Tá idirghníomhaíochtaí minice idir inimircigh agus saoránaigh na mBallstát mar bhunmheicníocht do imeascadh. Feabhsaíonn fóraim roinnte, plé idirchultúrtha, oideachas faoi inimircigh agus cultúir na n-inimirceach, agus coinníollacha maireachtála spregthacha i dtimpeallachtaí uirbeacha an caidreamh idir inimircigh agus saoránaigh na mBallstát.

8. Tá sé áirithithe faoin gCairt um Chearta Bunúsacha cultúir agus reiligiún éagsúla a chleachtadh agus caithfear an ceart seo a chosaint, ach amháin sa chás go dtarlaíonn coimhlint idir cleachtais agus cearta eile dosháraithe Eorpacha nó le dlí na tíre.

9. Cabhraíonn sé le hinimircigh a imeascadh má bhíonn siad rannpháirteach sa phróiseas daonlathach agus i gcruthú polasaithe agus beart imeasctha, go háirithe ag an leibhéal áitiúil.

10. Tá sé tábhachtach ó thaobh polasaithe poiblí a chruthú agus a chur i bhfeidhm go ndéanfar polasaithe agus bearta imeasctha a phríomhshruthú i ngach punann pholasaí chuí agus ag gach leibhéal den rialtas agus de na seirbhísí poiblí.

11. Tá gá le spriocanna soiléire, táscairí agus meicníochtaí meastacháin a fhorbairt chun polasaí a cheartú, dul chun cinn ar imeascadh a mheas agus maltartú eolais a dhéanamh níos éifeachtaí.

Molann Oifig an Aire d'Imeasctha (OMI) scrúdú a dhéanamh ar na prionsabail seo mar bhealach chun cabhrú le forbairt creatlaí nua do bheartas lánpháirtíochta. Léirigh an Coimisiún a spéis ann freisin trí thuarascáil bhliantúil agus lámhleabhair maidir le cleachtais lánpháirtíochta a fhoilsiú agus trí thairseach a fhorbairt faoi ghníomhaíochtaí lánpháirtíochta. Mar bhall de na Pointí Teagmhála Náisiúnta ar lánpháirtíocht, rannchuidigh Éire leis na tionscnaimh seo uile.

Amach as na deacrachtaí a bhaineann le samhlacha idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm, is cás cineál uathúil é cás na hÉireann de bharr gnéithe áirithe:

- Is feiniméan sách nua í an Inimirce. Tá formhór na dtíortha Eorpacha eile ag déileáil le saincheisteanna a bhaineann leis an dara agus an tríú glúin – baineann ár saincheisteanna le "daoine nua-thagtha" nó "pobail nua". In a lán tíortha Eorpacha eile, níl sé sin ach mar chuid amháin den tsaincheist lánpháirtíochta.
- Tá bonneagar dlí measartha buan againn sa réimse a bhaineann le frith-idirdhealú.
- Tá ár bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais bunaithe ar lánpháirtíocht, agus cé go bhfuil go leor eile le déanamh, cuireadh i bhfeidhm go gníomhach é.
- Tá ár mbonneagar cuimsitheachta sóisialta dea-fhorbartha ag an leibhéal pleanála náisiúnta agus cuireadh struchtúir áitiúla i bhfeidhm freisin.
- Níl an phróifíl chéanna ag radacú Moslamach anseo agus atá i dtíortha eile, ina nglactar leis mar cheann de na saincheisteanna lánpháirtíochta is tábhachtaí.

Ar an taobh eile de, tá go leor i gcomhpháirt againn sa tírdhreach lánpháirtíochta:

- Táimid uile in iomaíocht le haghaidh tallainne agus cumhacht saothair agus ní mór dúinn iarracht a dhéanamh a bheith tarraingteach i réimsí áirithe.
- Ní féidir linn beartais "roghnaithe" ghníomhacha a chur i bhfeidhm i réimse na hinimirce, agus ní féidir pleanáil réamh-imeachta a dhéanamh ach le náisiúnaigh tríú tíortha atá ag lorg fostaíochta. Cé go bhfuil deis theoranta ann an acmhainn lánpháirtíochta a mheasúnú, ní fachtóir tábhachtach é i mbeartas lánpháirtíochta.
- Tugann saoirse gluaiseachta le fios go bhfuil bun ag na Ballstáit **uile** i lánpháirtíocht rathúil agus rachaidh sochaithe neamhsheasmhacha i gcuid amháin den AE i gcion ar na Ballstáit uile eile.
- Is cosúil go leanfaidh inimirce go dtí an Eoraip go ceann i bhfad agus beidh ar bheartas lánpháirtíochta aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna maidir le slándáil agus comhtháthú sóisialta a bhíonn mar thoradh ar inimirce dá leithéid.

Má chuirimid san áireamh an méid atá i gcomhpháirt againn le tíortha eile, agus na difríochtaí eadrainn, ba chóir an taithí leathan seo a leanas a chur san áireamh agus beartas lánpháirtíochta á ghlacadh sa todhchaí:

- ***Tá roinnt eochair-réimsí atá ríthábhachtach do rath na lánpháirtíochta. Áirítear orthu sin:***

    - *oideachas teanga ón óstach* –- caighdeáin, straitéis, maoiniú, meastóireacht ar chomhordú, leibhéal éigeantais agus leibhéal dreasachtaí
    - *ateangaireacht agus aistriúchán* – caighdeáin agus eitic, maoiniú, naisc le hoiliúint teanga
    - *Soláthar faisnéise* – róil na n-earnálacha Stáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, úsáid teicneolaíochta, dúbailt fhéideartha, samhlacha de sholáthar faisnéise, éifeachtúlacht fhoriomlán (is minic a bhaintear an bonn de chearta mar gheall ar easpa faisnéise)
    - *Socruithe maoinithe* – féadann maoiniú feidhmiú ar bhealach a éascaíonn cuspóirí lánpháirtíochta agus ar bhealach a chuireann bac leo. Gan straitéis lánpháirtíochta shoiléir agus na prionsabail mhaoinithe lena mbaineann a chur ar fáil, féadtar maoiniú a thabhairt don lucht leasmhar mícheart agus féadfaidh sé a bheith mí-éifeachtúil.

- ***Tá sé rí-thábhachtach na rudaí bunúsacha a dhéanamh i gceart***
    - Má sheachadtar seirbhísí lárnacha cosúil le fostaíocht, oideachas, sláinte agus tithíocht do na pobail nua ar bhealach rathúil, comhionann, méadaítear go mór ar an dóchúlacht go mbeidh an lánpháirtíocht rathúil. Is minic a chiallaíonn sé sin go bhfuil sé inmhianaithe cur chuige príomhshruthaithe láidir a chur i bhfeidhm i ndáil le seachadadh seirbhíse.

- ***Féadtar plean a dhéanamh roimh ré do chorraíl shóisialta thábhachtach***
    - Leis an iarghaois, tuigeann a lán tíortha Eorpacha anois dá gcuirfí cuir chuige phríomhshrutha i bhfeidhm ag tráth níos luaithe, sheachnófaí cruthú pobail nua mhóra faoi mhíbhuntáiste. Tuigeann siad freisin go bhfuil sé i bhfad níos deacra agus go n-úsáideann sé i bhfad níos mó acmhainní teacht ar réiteach ar chás atá ag forbairt ar feadh na nglún i gcásanna áirithe.

- ***Is féidir linn leas a bhaint as "timthriallta beartais" i mbeartas lánpháirtíochta***
    - Léiríonn taithí tíortha eile go mbíonn timthriall i gceist le beartais lánpháirtíochta, ó bheartais atá a bheag nó a mhór laissez-faire chuig beartais a bhfuil idirghníomhaíocht éigeantach i gceist leo agus ansin chuig córas cothromaithe beartas atá dírithe ar choincheapa leathana na saoránachta sibhialta. Is eiseamláir an-mhaith de thír inar tharla na timthriallta seo í an Ísiltír. Is eisceacht í an Fhrainc, is dócha, toisc go bhfuil beartas diúid acu de chomhshamhlú bunaithe ar a dtraidisiúin chultúrtha.

      Léiríonn conarthaí lánpháirtíochta le hinimircigh an modh smaointeoireachta seo. Ó dhearcadh na hÉireann, seans go mbeimid in ann timthriall níos forbartha a chur i bhfeidhm gan dul trí na timthriallta níos luaithe ar dtús. De réir a chéile, tá cur

chuige “Rialtais uile” ag eascairt as díospóireachtaí reatha Ballstát (an Ollainn agus an Ghearmáin), le cois iontaoibh láidir ar chineálacha nua saoránachta.

- ***Ní féidir linn díriú ar “chearta” agus beagchúram a dhéanamh de “fhreagrachtaí”***
    - Má tá coincheap amháin léirithe go soiléir ag taithí tíortha eile, is é go mbaineann an lánpháirtíocht le cearta **agus** le freagrachtaí. Mar shampla, bhí soiléiriú freagrachtaí sibhialta mar chuid thábhachtach d’imeachtaí idirnáisiúnta maidir le dialóg idirchultúrtha.

- **Ní féidir linn a bheith bogásach ar aon bhealach**
    - Toisc an t-amlíne i gceist le lánpháirtíocht, is éasca smaoineamh ar bheartais agus bearta frithghníomhacha a chur i bhfeidhm in áit beartais agus bearta réamhghníomhacha. Tagann na saincheisteanna chun cinn, nó forbraíonn siad b’fhéidir, thar bhlianta fada, agus thar ghlúine, agus uaireanta níl siad sofheicthe go dtí go bhfuil saincheisteanna sóisialta tromchúiseacha ann. Mar sin, ní mór aird a thabhairt orthu roimh ré, agus pleanáil straitéiseach fhadtéarmach a dhéanamh.

    - Tá saincheisteanna sonracha eile nach bhfuil tagtha chun cinn in Éirinn fós, ach atá ag barr chlár oibre na hEorpa. Is eiseamláirí de shaincheisteanna dá leithéid iad radacú Moslamach, agus saincheisteanna a bhaineann le hinimircigh dara glúin. Maidir leis an gcéad cheann, tá an chuma air go nglactar le radacú grúpaí Moslamacha mar cheann de na dúshláin is mó i smaointeoireacht lánpháirtíochta na hEorpa. Leagtar béim mhór ar dhialóg leanúnach agus ar ionadaíocht Mhoslamach éifeachtúil a fháil do dhialóg dá leithéid.

    - Maidir leis an gceist ghinearálta faoi shlándáil – nach féidir a scaradh go hiomlán ó bheartas lánpháirtíochta – féadann cumarsáid mhaith idir an Rialtas agus an tsochaí shibhialta a bheith an-úsáideach. Is é seo a leanas a dheirtear i dtuairisc neamhfhoilsithe dheireanach ón Institiúid um Beartas Imirce: *“Go háirithe, féadann beartas lánpháirtíochta a chuireann deis ar fáil cumarsáid a dhéanamh leis an Rialtas agus caidrimh chomhoibritheacha a chothú le heagraíochtaí sa tsochaí shibhialta rannchuidiú le slándáil inmheánach agus comhtháthú sóisialta."*

Struchtúir Lánpháirtíochta Nua

Leathnaíodh ról an Choiste Chomh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta agus Leanaí, a bhfuil an Taoiseach ina c(h)athaoirleach air, chun saincheisteanna a bhaineann le lánpháirtíocht a chuimsiú. An teideal nua air ná an Coiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta, Leanaí agus Lánpháirtíocht. Tugann obair grúpa oifigeach sinsearach, lena n-áirítear ionadaí ó Oifig an Aire d'Imeasctha, tacaíocht don choiste sin.

Mar gheall ar líon na Rann éagsúil a bhfuil baint acu le saincheisteanna lánpháirtíochta, caithfear grúpa tras-Rannach a chruthú, a mbeidh an tAire Lánpháirtíochta ina c(h)athaoirleach air, chun déileáil le saincheisteanna de réir mar a thagann siad aníos, agus chun rannchuidiú, ó dhearcadh gach Roinne, le ceapadh beartas lánpháirtíochta.

An Coimisiún um Lánpháirtíocht

Ní mór coimisiún saineolach a chruthú chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le lánpháirtíocht.

Áirítear ar fheidhmeanna an choimisiúin comhairle a chur ar an Aire maidir le saincheisteanna a théann i gcion ar lánpháirtíocht, taighde a dhéanamh i réimse na lánpháirtíochta agus tuiscint ar lánpháirtíocht a chur chun cinn trí mheán foilseachán, seimineár etc. Beidh sé mar chuid mhór d'obair an choimisiúin a chinntiú go gcuirfear faisnéis bunaithe ar fhianaise ar fáil go poiblí chun díospóireacht phoiblí eolach faoi na saincheisteanna a chothú, agus, ar an mbealach sin, chun cabhrú le ceapadh beartais, ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Beidh cathaoirleach agus ochtar ball sa choimisiún. Ceapfar baill ar feadh thréimhse 5 bliana. Déanfaidh an bhallraíocht ionadaíocht ar shochaí uile na hÉireann, le haird tugtha ar an riachtanas a chinntiú go ndéanfar ionadaíocht ar an bpobal imirceach. Tiocfaidh na baill ón lucht acadúil agus ó ghairmithe a oibríonn i réimsí na heacnamaíochta, an dlí agus an ghnó.

Cuireann an Fóram um an Eoraip, a bhfuil iar-Sheanadóir Maurice Hayes ina chathaoirleach air, agus a thionóil roinnt cruinnithe in áiteanna éagsúla ar fud na tíre chun díospóireacht faoi shaincheisteanna Eorpacha a spreagadh agus chun fóram a chur ar fáil inar féidir tuairimí a mhalairt le baill den phobal, samhail ar fáil d'obair an choimisiúin maidir le cinntiú go gcuirfear fíricí ar fáil don phobal.

An Chomhairle Aireachta ar Lánpháirtíocht

I dteannta chruthú na Coimisiún seo, ceapfar Comhairle Aireachta ar Lánpháirtíocht chun comhairle dhíreach a chur ar an Aire i ndáil leis na fadhbanna le sárú ag imircigh. Beidh an tAire ina c(h)athaoirleach ar chruinnithe na Comhairle.
Beidh 40 ball sa Chomhairle. Ceapfar baill den Chomhairle ar feadh thréimhse 5 bliana. Beidh Baill den Chomhairle ina n-imircigh. Agus baill á gceapadh, tabharfar aghaidh a mhéid is féidir ar an ngá cobhsaíocht a fháil idir tíortha tionscnaimh, líon na n-imirceach ó thíortha ar leith agus áiteanna cónaithe in Éirinn, agus an gá le cobhsaíocht inscne chuí. Tionólfaidh an tAire cruinnithe na Comhairle agus de ghnáth tionólfar iad 2 nó 3 huaire in aghaidh na bliana. De ghnáth, tionólfar cruinnithe na Comhairle i mBaile Átha Cliath. Mar sin féin, toisc go bhfuil cónaí ar imircigh i ngach aon chuid den tír, tionólfar cruinnithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ó am go ham. Beidh cruinnithe na Comhairle príobháideach. Chun a chinntiú go mbeidh sé a thrédhearcaí agus is féidir, eiseofar preasráiteas ag tabhairt sonraí na n-ábhar a pléadh i ndiaidh gach cruinnithe.

Go dtí seo, chuir grúpaí cosúil leis an Coiste Náisiúnta ar Idirchultúrachas fóram ar fáil do mhalartú tuairimí faoi shaincheisteanna lánpháirtíochta. Ina theannta sin, rannchuidigh an Coiste Monatóireachta Straitéiseach ar chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais trí ról a thabhairt do bhaill an phobail imirceach agus trí fhaisnéis faoi na fíricí i gceist le lánpháirtíocht a chur ar fáil don phobal.

Tascfhórsa ar Lánpháirtíocht

Ar a lán cúiseanna éagsúla, ní ghlacann a lán imirceach páirt iomlán i saol na hÉireann. Féadann fachtóirí cultúrtha nó teangeolaíocha, easpa feasachta ar dheiseanna idirghníomhaíochta nó an tuiscint go mbeidh siad ag filleadh abhaile ar bhonn fadtéarmach agus mar sin nach gá dóibh bheith rannpháirteach go gníomhach, bheith i measc na gcúiseanna sin. Féadann an easpa rannpháirtíochta seo bheith léirithe i ngach gné den tsochaí. Mura dtugtar aghaidh ar an easpa rannpháirtíochta seo, d'fhéadfadh cultúr comhthreomhar teacht chun cinn de réir a chéile, agus d'fhéadfadh daoine brath go bhfuil siad scartha amach ó shochaí phríomhshrutha na hÉireann. Léiríonn imeachtaí in áiteanna eile ar domhain an dainséar a bhaineann le scaradh amach dá leithéid.

Cé go bhfuil struchtúir nua á gcur i bhfeidhm, is soiléir go mbaineann saincheisteanna le lánpháirtiú imirceach ar gá iad a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Chun na críche sin, ceapfar Tascfhórsa ina mbeidh thart ar 12 duine le dualgas orthu scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna agus dúshláin i gceist le lánpháirtiú pobal in Éirinn. Déanfaidh an Tascfhórsa comhairliúchán leathan trasna na tíre, agus déanfaidh sé an cás i dtíortha eile a mheasúnú. Déanfaidh an Tascfhórsa scrúdú téamach ar conas is féidir feabhas a chur ar rannpháirtíocht shibhialta, chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíoch na n-imirceach. Beidh baill an Tascfhórsa ionadaíoch ar shochaí ghinearálta na hÉireann.

Beifear ag tnúth le tuairisc ón Tascfhórsa 12 mhí i ndiaidh dó bheith ceaptha.

Maoiniú do bhearta nua chun lánpháirtíocht a spreagadh

Glacann roinnt imirceach páirt i ngnéithe cultúrtha, spóirt agus polaitiúla de chuid shochaí na hÉireann agus tá imeachtaí cultúrtha agus spóirt curtha ar bun ag a lán pobal chun pobail éagsúla agus an éagsúlacht i sochaí na hÉireann a cheiliúradh. Mar sin féin, tá deis ann méadú ar rannpháirtíocht imirceach i ngach gné den saol. Léiríodh go soiléir go bhféadann gníomhaíochtaí sna réimsí seo cabhrú go mór le lánpháirtíocht a spreagadh, go háirithe ag an leibhéal áitiúil.

Comhlachtaí spóirt

Maidir le cúrsaí spóirt, cuireadh deontais éagsúla ar fáil ó am go ham d'eagraíochtaí a oibríonn i gcoinne an chiníochais. Ba dheontais aon-uaire nó deontais bunaithe ar thionscadal iad na deontais sin, agus mar sin, thosaigh agus a chríochnaigh siad arís. Chlúdaigh siad roinnt cód.

Tá plé déanta leis na comhlachtaí spóirt níos mó, a dhéanann an idirghníomhaíocht is dírí le himircigh, faoina bpleananna don todhchaí chun rannpháirtíocht imirceach ina gcuid gníomhaíochtaí a spreagadh. Dhréachtaigh na comhlachtaí cláir mhionchruinne don lánpháirtíocht, nó tá siad á ndréachtú faoi láthair.

Gan amhras, tháinig saincheist an mhaoinithe chun cinn. Mar a luadh thuas, cuireadh deontais aon-uaire ar fáil do ghrúpaí áirithe le haghaidh tionscadail shonracha cheana féin. De réir cosúlachta, ba chóir tacú le lánpháirtíocht imirceach anois trí mhaoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí náisiúnta chun cabhrú leo pleananna lánpháirtíochta a chur i bhfeidhm ina gcuid eagraíochtaí. Toisc go bhfuil gá teorainn a chur le méid an mhaoinithe, beartaítear maoiniú a chur ar fáil do na comhlachtaí leis an acmhainn is mó rannpháirtíocht líon mór imirceach ina gcuid gníomhaíochtaí a spreagadh.

Beartaítear maoiniú a chur ar fáil ar feadh thréimhse 5 bliana agus athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar an dul chun cinn. Tabharfar cainteanna faoi phrótacail riachtanacha chun críche leis na comhlachtaí ábhartha sna seachtainí amach romhainn.

Páirtithe Polaitiúla

Tá cónaí ar líon mór imirceach in Éirinn agus mar sin tá sé ríthábhachtach gach iarracht a dhéanamh chun a chinntiú go n-idirghníomhaíonn a mhéid imirceach is féidir leis an gcóras polaitiúil agus go nglacann siad an páirt is mó is féidir ann. I gcás a lán imirceach le cónaí orthu in Éirinn, is é seo a gcéad fhíorthaithí ar mhaireachtáil i sochaí dhaonlathach. Is léir gur chuir na páirtithe uile fáilte roimh imircigh mar bhaill. An dúshlán ná níos mó imirceach a spreagadh chun a bheith gníomhach sa saol polaitiúil ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Cuirfear maoiniú ar fáil do na páirtithe polaitiúla chun pleananna

lánpháirtíochta a chur i bhfeidhm. Scaipfear an maoiniú trí mheán an Choimisiúin Oireachtais chun trédhearcacht a chinntiú.

Grúpaí bunaithe ar chreideamh

Tá tionchar ag imirce ar na grúpaí uile bunaithe ar chreideamh mar méadaíonn sí an t-éileamh ar a seirbhísí creidimh agus a gcúram tréadach, éileamh a bhaineann go minic le teangacha nach bhfuil ar eolas acu. Tháinig athbheochan ar a lán pobal mar gheall ar theacht na n-imirceach. Mhéadaigh na grúpaí uile bunaithe ar chreideamh raon agus scóip a gcuid gníomhaíochtaí mar fhreagra ar riachtanais na n-imirceach nua-thagtha.
Ní mór a thuiscint go bhfuil an chuma air go mbíonn grúpaí imirceach i bhfad níos tógtha le cleachtadh a gcreidimh ná mar atá an pobal dúchasach anois. Toisc go bhfuil siad tógtha lena gcreideamh agus lena gcleachtais creidimh, bíonn go leor imirceach ag lorg faisnéise agus cúnaimh faoi lonnú in Éirinn ó údaráis chreidimh. Chabhraigh comhairle agus cúnamh dá leithéid go mór le lanpháirtiú a lán imirceach agus a dteaghlaigh in Éirinn.

Le linn cainteanna le ceannairí mar chuid den chomhphlé idirchreidimh tionscanta ag an Taoiseach, pléadh an tsaincheist maidir le cabhrú le lánpháirtiú imirceach. Tá acmhainní de dhíth ar ghrúpaí bunaithe ar chreideamh freisin.

Chun cabhrú leis na grúpaí bunaithe ar chreideamh obair a bhaineann le lánpháirtíocht a dhéanamh, eagrófar cainteanna leis na grúpaí sin mar iarracht socruithe a chur i bhfeidhm chun tacaíocht airgeadais a thabhairt don ghné sin de ghníomhaíochtaí na ngrúpaí.

Údaráis Áitiúla

Mar is léir ó threo ginearálta na bprionsabal a chuireann bonn faoin straitéis lánpháirtíochta, ní mór do sholáthraithe seirbhíse príomhshrutha seirbhísí a chur ar fáil d'imircigh. Tá feidhm thábhachtach ag na seirbhísí curtha ar fáil ag údaráis áitiúla i ndáil leis sin.
Is léir gur fhreagair údaráis áitiúla go dearfach do na dúshláin i gceist le teacht líon mór spailpíní fánacha agus gur spreag na húdaráis lánpháirtíocht ag an leibhéal áitiúil. Ghlac a lán údaráis áitiúla pleananna sonracha chun lánpháirtíocht imirceach a chur chun cinn, agus tá pleananna dá leithéid á n-ullmhú ag údaráis eile i láthair na huaire. Fuair a lán údaráis áitiúla agus comhpháirtíochtaí maoiniú ó scéimeanna deontais éagsúla cheana féin. Lena chois sin, baineadh úsáid as dhá scéim shonracha, is iad sin, an ciste chun cabhrú le lánpháirtiú imirceach atá ina gcónaí anseo go dleathach agus cistí ar fáil chun cabhrú le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais.

Go dtí seo, rinneadh cinntí ag leibhéal lárnach faoin tacaíocht airgeadais curtha ar fáil do thionscadail ag an rialtas lárnach. Ag dul leis an gcur chuige ginearálta maidir le lánpháirtíocht a leagtar amach sa pháipéar seo, is léir gur chóir do na húdaráis áitiúla nó do na coistí comhpháirtíochta atá bunaithe go háitiúil, ag brath ar shocruithe áitiúla, bheith freagrach as cinnteoireacht faoi thionscadail áitiúla.

Ní féidir cistí lárnacha chun críocha lánpháirtíochta a chur in ionad maoinithe agus acmhainní curtha ar fáil ag scéimeanna maoinithe eile atá lárnach e.g. trí mheán an Chláir Forbartha Áitiúla um Chuimsiú Sóisialta, nó atá ar fáil díreach d'Údaráis Áitiúla e.g. seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil d'imircigh. Mar sin féin, féadann cistí lárnacha foinsí eile maoinithe a fhorlíonadh, cibé an foinsí poiblí nó príobháideacha iad, chun tacú le seirbhísí sonracha lánpháirtíochta.

Déanfar plé chun teacht ar chur chuige comhaontaithe i ndáil le scaipeadh maoinithe chun críocha sonracha lánpháirtíochta trí mheán údaráis áitiúla agus comhpháirtíochtaí áitiúla.

Le cois na gníomhaíochtaí seo, tabharfaidh údaráis áitiúla aird ar an riachtanas go dtabharfaidh beartas lánpháirtíochta treoir do chinnteoireacht i soláthar ginearálta seirbhísí. Tá cainteanna ar bun leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun a fháil amach conas is fearr é sin a bhaint amach.

Tábla a léiríonn líon na Náisiúnach nach Éireannaigh iad a bhfuil gnáthchónaí orthu i ngach contae agus miondealú ar chontae curtha in iúl mar % de Líon Iomlán na Náisiúnach nach Éireannaigh iad.

Gnáthchontae Cónaithe	Iomlán na Náisiúnach nach Éireannaigh iad	Mar % de Líon Iomlán na Náisiúnach nach Éireannaigh iad de 419,733
Cúige Laighean	**245,870**	**58.6%**
Ceatharlach	4,488	**1.1%**
Cathair & Co. Bhaile Átha Cliath	150,933	**36.0%**
Cill Dara	18,586	**4.4%**
Cill Chainnigh	6,071	**1.4%**
Laois	5,111	**1.2%**
An Longfort	3,511	**0.8%**
An Lú	9,035	**2.2%**
An Mhí	14,476	**3.4%**
Uíbh Fháilí	5,231	**1.2%**
An Iarmhí	7,353	**1.8%**
Loch Garman	10,283	**2.4%**
Cill Mhantáin	10,792	**2.6%**
Cúige Mumhan	**104,046**	**24.8%**
An Clár	10,837	**2.6%**
Co. & Cathair Chorcaí	44,224	**10.5%**
Ciarraí	14,074	**3.4%**
Co. & Cathair Luimní	14,581	**3.5%**
Tiobraid Árann	11,381	**2.7%**
Co. & Cathair Phort Láirge	8,949	**2.1%**
Cúige Chonnacht	**48,396**	**11.5%**
Co. & Cathair na Gaillimhe	24,137	**5.8%**
Liatroim	2,983	**0.7%**
Maigh Eo	10,964	**2.6%**
Ros Comáin	5,416	**1.3%**
Sligeach	4,896	**1.2%**
Cúige Uladh (Cuid de)	**21,421**	**5.1%**
An Cabhán	5,683	**1.4%**
Dún na nGall	10,572	**2.5%**
Muineachán	5,166	**1.2%**
IOMLÁIN	**419,733**	**100%**

Lánpháirtíocht san ionad oibre

Léirítear go soiléir go bhfuil bainistiú ceart éagsúlachta agus lánpháirtiú imirceach san ionad oibre ina ngnéithe riachtanacha den chuimsiú sóisialta. Lena chois sin, tá cás láidir gnó ann dó sin freisin. Léiríonn staidéar a foilsíodh i mí Eanáir go mbíonn tionchar suntasach ag straitéisí comhionannais agus éagsúlachta ar mhéadú na táirgiúlachta agus na nuálaíochta agus ar laghdú láimhdeachas foirne. Rachaidh Oifig an Aire d'Imeasctha i gcomhairle le comhlachtaí fostóirí agus le ceardchumainn chun straitéis a fhorbairt chun lánpháirtíocht a chur chun cinn san ionad oibre.

Clár don Rialtas

Imirce Eacnamaíochta a Bhainistiú

Táimid tiomanta imirce eacnamaíochta a bhainistiú ar bhealach a chosnóidh cearta gach oibrithe agus a choinneoidh dífhostaíocht ag an leibhéal is ísle agus is féidir agus a chinnteoidh an imeascadh rathúil.

Táimid chun:

• Leanúint ar aghaidh le cártaí glasa a eiseadh maidir le slite beatha in a bhfuil ganntanas scileanna lena n-áirítear slite beatha, mar shampla, sna hearnálacha teicneolaíochta an eolais, bithchógaisíochta, innealtóireachta agus sláinte

• Ceadúnais oibre a bhronnadh ach amháin nuair is féidir a léiriú tar éis an margadh oibre a scrúdú go géar, nach bhfuil fostaithe cuí ar fáil laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

•Cead a thabhairt d'oibrithe iarratas a dhéanamh ar, agus a athdhéanamh ar, a gceadúnas féin agus aistriú go post eile cásanna inar caitheadh le daoine go míchothrom. Soláthróimid freisin do chéilí sealbhóirí na gceadúnas fostaíochta a bronnadh cónaí in Éirinn orthu le ceadúnas fostaíochta a fháil

• Cearta fostaíochta na mac léinn nach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a chosaint trí dhualgas a chur orthu chunceadúnais oibre a bheith acu a thabharfaidh cead dóibh obair ar feadh uasmhéid de 20 uair sa tseachtain.

• Scéim aistrithe laistigh de chuideachta d'ardbhainistíocht trasnáisiúnta shealadach a athbhunú aistrithe chun cabhrú le cuideachtaí riachtanais ghearrthéarmacha a bhaint amach.

• Cinntiú nach bhfaighidh iarratais ar cheadúnas oibre faomhadh má tá na tuarastail faoi bhun an ráta REA/ERO nó an Pá íosta Náisiúnta, agus go bhfuil dlí fostaíochta curtha i bhfeidhm go hiomlán chun oibrithe a chosaint ó mhí-úsáid.

• Líon na gCigirí Oibre a mhéadú go 90.

• Cinntiú go bhfuil oibrithe ar an eolas faoina gcearta trí thionscnaimh cosúil leis an bpá íosta a chló ar an gceadúnas oibre agus eolas a sholáthar i raon teangacha .

• Fostaithe a chosaint i gcoinne fostaitheoirí a bhaineann costais earcaíochta as pá agus a choinníonn cáipéisí pearsanta na n-oibrithe.

Saincheisteanna tábhachtacha

Soláthar faisnéise

Cuireann a lán foinsí, foinsí Rialtais agus foinsí ón earnáil dheonach araon, faisnéis ar fáil d'imircigh. Go háirithe, cuireann na seirbhísí leabharlainne, mar aon le hIonaid Faisnéise Pobail, faisnéis ar fáil. Tá líon maith eagraíochtaí Neamhrialtasacha ag feidhmiú sa réimse seo freisin. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le faisnéis chruinn a chur ar fáil, forbrófar láithreán gréasáin d'Oifig an Aire d'Imeasctha sna míonna amach romhainn.

Soláthar Seirbhísí – Ionad Ilfhreastail

Bhunaigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí "ionad ilfhreastail" ag Cé an Bhúrcaigh faoi choimirce Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann chun seirbhísí a chur ar fáil i ndáil le cúrsaí inimirce agus saoránachta. Tá Biúró Inimirce Náisiúnta an Gharda Síochána Ionnaithe san áitreabh céanna, rud a éascaíonn an próiseas seo. Is é an grúpa príomhúil a bhaineann tairbhe as an tseirbhís seo ná saoránaigh nach dtagann ón LEE a bhfuil dualgas orthu clárú leis an nGarda Síochána nó a bhfuil víosaí ag teastáil uathu nó a theastaíonn uathu iarratas a dhéanamh ar shaoránacht, etc.

Moladh ionadaíocht a dhéanamh ar sheirbhísí stáit eile e.g. na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh, in "ionad ilfhreastail" méadaithe, agus gur chóir an tseirbhís a chur ar fáil do náisiúnaigh an AE a idirghníomhaíonn leis na húdaráis Chánach agus Leasa cé nach bhfuil dualgas orthu clárú leis na húdaráis inimirce. Moladh freisin go bhféadfadh ionadaithe eagraíochtaí Neamhrialtasacha a bheith ann chun cabhrú le himircigh idirghníomhú leis an "gcóras" stáit.

Beidh gá leis an moladh seo a scrúdú agus a bhreathnú go cúramach i bhfianaise nádúr athraitheach na himirce chuig an tír seo, na hathruithe ar na socruithe maidir le cónaitheacht fhadtéarmach cuimsithe sa Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, nuair a achtófar é, agus na buntáistí/míbhuntáistí riaracháin a bhaineann le "hionad ilfhreastail" den chineál sin a bhunú.

Saoránacht

Leagtar na riachtanais maidir le saoránacht amach i reachtaíocht. Faoi láthair ní cheanglaítear ar aon iarrthóir aon eolas ar Ghaeilge nó Béarla a léiriú, cé go mbeidh siad ina gcónaí sa tír ar feadh roinnt blianta. Moltar ceanglas teanga sa Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint i ndáil le daoine a bheidh ag lorg ceadúnas cónaitheachta fadtréimhsí. Mar sin, is loighciúil foráil chomhchosúil a chur i bhfeidhm i ndáil le daoine a iarrann saoránacht.

Moladh freisin gur chóir d'iarrthóirí ar shaoránacht bheith in ann eolas ar conas a eagraítear sochaí na hÉireann, conas a rialaítear an tír etc. a léiriú, de réir mar a dhéantar i roinnt dlínsí eile.

Ábhar eile ná an searmanach a bhaineann le bronnadh saoránachta. Faoi láthair is é an t-aon searmanach amháin an dearbhú de dhílseacht don Stát a dhéantar os comhair na Cúirte Dúiche. Tá an nós imeachta seo i bhfeidhm le blianta anuas, agus, mar gheall ar an méadú ar ghnó ginearálta na Cúirte agus an méadú ar líon na ndaoine ag fáil saoránachta, moltar go mbeadh sé níos oiriúnaí searmanas sibhialta a dhearadh chun fáilte a chur roimh shaoránach nua. Glactar leis go ndéanann Breithimh Dúiche a ndeich ndícheall chun an fáilte sin a chur rompu; is deacair é, áfach, nuair a dhéantar an dearbhú ag tús an ghnó Cúirte fad agus atá daoine atá ag teacht os comhair na gcúirteanna ar chúisimh choiriúla ann. Lena chois sin, ní saoránach é an duine go foirmiúil go dtí go n-eiseoidh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí teastas eadóirseachta. De ghnáth, seoltar an teastas seo chuig an iarrthóir rathúil tríd an bpost.

Moladh amháin ná searmanas a eagrú i gceanncheathrú an údaráis áitiúil do bhronnadh foirmiúil na dteastas ag duine mór le rá áitiúil chun béim a leagan ar an gcéim shuntasach tógtha ag an iarrthóir. Tá na hábhair seo á n-athbhreithniú.

Bearta chun imircigh a chosaint ó dhúshaothrú agus idirdhealú

Tá reachtaíocht i bhfeidhm in Éirinn cheana féin a chuireann cosc ar idirdhealú ar fhoras cine, datha, náisiúntachta agus tionscnaimh eitnigh nó náisiúnta sna réimsí a bhaineann le fostaíocht (pá comhionann san áireamh) agus gairmoiliúint (An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998) agus soláthar earraí, seirbhísí, cóiríochta, oideachais agus diúscairt maoine (An tAcht um Stádas Comhionann 2000). Tugann an reachtaíocht seo éifeacht do Threoir na CE maidir le Cine freisin. Baineann reachtaíocht maidir le dálaí oibre, e.g. íosphá, saoire, dífhostú éagórach, sláinte agus sábháilteacht etc., leis na fostaithe uile is cuma cén náisiúntacht iad. Le bunú an Údaráis Náisiúnta Chearta Fostaíochta agus an méadú ar líon na gCigirí fostaithe sa réimse seo, tá deis ag fostaithe cúiteamh a fháil. Is réimse é seo ar gá géar-athbhreithniú leanúnach a dhéanamh air chun a chinntiú go gcoinneoidh Éire an cháil atá aici i measc imircigh fhéideartha mar thír a chaitheann go cothrom le himircigh.

Seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin

Mar fhreagra ar na héilimh ar sheirbhísí Stáit, d'fhorbair gach soláthraí seirbhíse a chur chuige féin i ndáil le soláthar na n-áiseanna seo. Chuir soláthraithe seirbhíse a oibríonn in Oideachas, Sláinte, seirbhísí Ceartais Choiriúil, a phróiseálann iarratais ar thearmann, údaráis áitiúla etc. socruithe i bhfeidhm chun freastal ar a riachtanais féin. Choimisiúnaigh Oifig an Aire d'Imeasctha staidéar ar thodhchaí agus forbairt na seirbhísí sin. Tá an staidéar á dhéanamh ag an gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas agus tá sé le bheith tugtha chun críche i lár 2008.

Miondealú ar Náisiúnaigh nach Éireannaigh iad as an AE
(De réir Daonáirimh 2006)



Earcaíocht sa tseirbhís phoiblí

Ba chóir do na gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí uile iarracht a dhéanamh éagsúlacht an daonra a léiriú ina gcuid foirne. Tá dul chun cinn ina leith sin déanta ag roinnt gníomhaireachtaí, go háirithe an Garda Síochána, na Fórsaí Cosanta agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Ba chóir go ndéanfar dul chun cinn breise mar thoradh ar an staidéar á dhéanamh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Míthuiscint chomónta i measc an phobail imirceach ná nach féidir leo dul in iomaíocht chun post a fháil sa tseirbhís phoiblí toisc nach bhfuil náisiúntacht Éireannach acu. Ní mór fáil réidh leis an míthuiscint seo.

Eagraíochtaí Neamhrialtasacha

Tháinig formhór na n-eagraíochtaí seo ar an saol ó lár na nóchaidí ar aghaidh. D'eascair formhór acu as an tuiscint ag leibhéal áitiúil go raibh roinnt daoine, ón ngrúpa a bhí ag lorg tearmainn den chuid is mó, tar éis lonnú ina gcuid ceantar.

Sholáthair na grúpaí áitiúla seo faisnéis faoi na ceantair agus na háiseanna éagsúla ar fáil agus faoi conas rochtain a fháil ar sheirbhísí áitiúla, agus go ginearálta, chuir siad fáilte roimh an lucht nua-thagtha.

D'aithin a lán eagraíochtaí bearnaí sna seirbhísí a bhí á soláthar do na pobail nua agus mhol siad feabhsuithe ar sholáthar na seirbhísí sin.
Chruthaigh roinnt de na heagraíochtaí comhghuaillíochtaí le grúpaí den mheon céanna a bhí ag déanamh obair chomhchosúil in áiteanna eile sa tír chun a dtaithí agus a gcleachtais a roinnt. Ghlac formhór na ngrúpaí páirt éigin in obair abhcóideachta, i gcásanna indibhidiúla nó thar ceann grúpaí daoine. Sa ról seo, chomhlíon a lán grúpaí agus baill indibhidiúla róil, ar a dtugtar róil mheantóireachta go minic, le himircigh indibhidiúla.

Ag leibhéal náisiúnta, dar leo féin, is é ról príomhúil na ngrúpaí a tháinig ar an saol ná feidhmiú mar thacadóirí an athraithe, cé go mbíonn baint acu le cásanna indibhidiúla freisin.

Ó tháinig athrú ar phatrúin imirce le blianta beaga anuas, shín a lán grúpaí ag an leibhéal áitiúil a shainchúram agus anois déileálann siad le himircigh nua-thagtha le cois iarrthóirí tearmainn nó teifigh.

Fuair formhór na n-eagraíochtaí maoiniú éigin ag amanna éagsúla ón Stát nó ó ghníomhaireachtaí rialtais áitiúil. Fuair a lán grúpaí maoiniú freisin ó chomhlachtaí daonchairdiúla agus tacaíocht ó dhaoine príobháideacha.

Is acmhainn luachmhar iad eagraíochtaí neamhrialtasacha sa réimse seo, mar atá i ngo leor réimsí eile den saol, toisc nach mbaineann siad leis an rialtas.

Sna socruithe maoinithe leasaithe a chuirfear i bhfeidhm trí mheán struchtúir na n-údarás áitiúil, beidh deis níos fearr ag eagraíochtaí neamhrialtasacha atá

bunaithe go háitiúil caidreamh a dhéanamh leis na húdaráis áitiúla sin faoina gcuid riachtanas.
Ghlac líon mór eagraíochtaí neamhrialtasacha éagsúla páirt sna seimineáir agus cainteanna éagsúla a tharla roimh fhorbairt na straitéise seo. Bhí a gcuid rannchuidithe agus léargas thar a bheith luachmhar toisc gur léirigh siad an t-idirghníomhú a dhéanann siad leis an bpobal imirce sa ghnáthshaol gach aon lá.

Cé go mbeifear in ann aird a tharraingt díreach ar shaincheisteanna mar thoradh ar na struchtúir nua atá á gcur i bhfeidhm, beidh gá leanúnach le hidirghníomhú idir Oifig an Aire d'Imeasctha agus earnáil na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha de réir mar a fhorbraíonn an beartas.

Tuairimí an phobail a thomhas

Gné thábhachtach den lánpháirtíocht ná tuiscint a fháil ar thuairimí reatha an phobail faoi na cúrsaí éagsúla a thagann chun cinn sa réimse seo. Fuair an suirbhé Eorabharaiméadair ar thuairimí phobal na hÉireann faoi imircigh go bhfuil Éire i measc na Stát Eorpach atá dearfach i ndáil le himircigh. Déanann formhór na ndlínsí eile suirbhéanna náisiúnta ar thuairimí atá níos dírithe ná na suirbhéanna Eorabharaiméadair, atá iontach leathan. Go dtí seo, níor measadh go raibh suirbhéanna náisiúnta den leithéid sin sa réimse seo riachtanach in Éirinn toisc go raibh an leibhéal inimirce go hÉirinn íseal go leor.

An seasamh anois, áfach, ná go bhfuil gá le suirbhé níos dírithe, oiriúnaithe do choinníollacha na hÉireann, chun tuairimí a thomhas ó am go ham chun treoir níos fearr a thabhairt do dhéanamh beartais.

Coimisiúnófar suirbhé dá leithéid a dhéanfar ar bhonn rialta agus foilseofar a chuid torthaí.

Seirbhísí sláinte

Mar aon leis an oideachas, tá seirbhísí sláinte ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí chun a chinntiú go bhfaighidh inimircigh na seirbhísí lárnacha a éascóidh a gcuid lánpháirtithe i sochaí na hÉireann. Rinneadh a lán oibre sa réimse seo, agus sheol Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a straitéis sláinte idirchultúrtha náisiúnta le deireanas, a forbraíodh mar fhreagra ar riachtanais Phlean Náisiúnta an Rialtais i gCoinne an Chiníochais. Trí sheirbhís atá inniúil go cultúrtha a sholáthar, déanann sé iarracht freastal ar riachtanais aitheanta sláinte agus tacaíochta an lín mhéadaithigh daoine ó chúlraí cultúrtha agus eitneacha éagsúla a bhfuil cónaí orthu in Éirinn.

Tá nasc breise idir seirbhísí sláinte agus ár ndaonra inimirceach toisc gur chabhraigh ár lucht saothair imirceach go mór le seachadadh na seirbhíse sláinte féin. Mar sin, tá sé riachtanach tallann agus saineolas a bhfuil géarghá leis a choinneáil. Tá impleachtaí aige sin do roinnt réimsí beartais lena n-áirítear inimirce agus beidh breathnú cúramach ag teastáil i gcomhthéacs na reachtaíochta inimirce molta. De réir an tiomantais pholaitiúil

shoiléir leanúnaigh d'athchóiriú i réimse na sláinte, caithfear bainistíocht réamhghníomhach a dhéanamh ar an tsineirge idir lánpháirtíocht agus saincheisteanna sláinte.

Clár don Rialtas

Imeascadh Rathúil a chur chun cinn in ár Scoileanna

Déanfaimid:

• líon na múinteoirí tacaíochta teanga a mhéadú arís ó 1,450 go 1,800.

• oiliúint do mhúinteoirí a fheabhsú agus tacaíochtaí breise a thabhairt do scoileanna a bhfuil líon ard daltaí acu le teangacha agus cultúir éagsúla chun naisc bhaile-scoile a fheabhsú

•rochtain ar ranganna Béarla a sholáthar d'inimircigh aosaithe

• a chinntiú go bhfuil ár gcóras oideachais agus pearsanra dea-threalmhaithe do shocaí ilchultúrtha.

Gnéithe oideachais na lánpháirtíochta

Maidir le réimse an oideachais, tá an tAire Lánpháirtíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go dtugann raon na mbeartas oideachais trasna réimsí éagsúla sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus sna comhlachtaí faoina coimirce aird ar an ngá le hinimircigh agus a dteaghlaigh a lánpháirtiú
- Obair na Roinne maidir le lánpháirtiú an lucht nua-thagtha a chomhordú le hobair ghaolmhar Rann agus gníomhaireachtaí Stáit ábhartha eile.

Bunaíodh Aonad Lánpháirtíochta tiomanta sa Roinn Oideachais i mí Dheireadh Fómhair 2007.

Teagasc teanga

- Anois tá thart ar 2,000 post do mhúinteoirí tacaíochta teanga leithdháilte ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar chostas thart ar €120 milliún in aghaidh na bliana - i gcomparáid le 262 post in 2001/2002.

- Tá breis agus 12,000 imirceach ag foghlaim Béarla i ranganna curtha ar fáil ag Coistí Gairmoideachais, ar chostas breis agus €10m.

- Tá roinnt cáipéisí acmhainne ar fáil do scoileanna, lena n-áirítear faisnéis faoin gcóras oideachais i 6 theanga.

- Leagadh béim ar ábhair shonracha a fhorbairt chun Béarla a theagasc mar an dara teanga. Cuireadh maoiniú ar fáil chun acmhainní a fhorbairt do scoileanna chun cabhrú leo na daltaí nua-thagtha a lánpháirtiú agus chun freastal ar a riachtanais Bhéarla. Cuireadh clár d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ar fáil do mhúinteoirí tacaíochta Béarla freisin.

- I rith shamhradh 2007, ghlac breis agus 900 múinteoir páirt i gcúrsa náisiúnta ar líne faoi conas Béarla a Theagasc mar Theanga Bhreise, a raibh an treoirthionscadal curtha i gcrích ag Coláiste Mhuire, Marino i gcomhar leis an INTO. Tairgeadh an cúrsa sin do 250 múinteoir breise ó shin.

- Bunaíodh Cumann Múinteoirí Tacaíochta Béarla le deireanas faoi scáth na Scéime um Líonra Gairmiúil Múinteoirí do mhúinteoirí iar-bhunscoile, atá maoinithe ag an Roinn.

Taighde agus measóireacht

Chun a chinntiú go mbíonn baint ag an lucht leasmhar príomhúil le forbairt straitéis oideachais idirchultúrtha náisiúnta, tá baint ag an Roinn le roinnt staidéar agus athbhreithnithe chun eochair-fhianaise phríomhúil a sholáthar don straitéis.

- Tá an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ag déanamh staidéar mórscála (atá le bheith foilsithe i bhfómhar 2008) maoinithe ag an Roinn faoin tionchar a bhíonn ag éagsúlacht mhéadaitheach i measc daltaí ar riachtanais scoileanna maidir le hacmhainní.

- Tá Cigireacht na Roinne ag déanamh measóireachta ar theagasc an Bhéarla mar an dara teanga i roinnt scoileanna in 2008 agus 2009. Beidh an tuairisc ar fáil in 2009.

- D'aontaigh an Roinn páirt a ghlacadh in athbhreithniú téamach an ECFE ar bheartas agus cleachtas oideachas imirceach (le bheith tugtha chun críche faoi fhómhar 2009).

- I gcomhar le hOifig an Aire d'Imeasctha, choimisiúnaigh an Roinn athbhreithniú neamhspleách (le bheith críochnaithe in 2008) ar fhorbairt beartas agus creatlach oiliúna Béarla náisiúnta d'imircigh fásta atá ina gcónaí anseo go dleathach.

- Chomhfhoilsigh an Roinn agus Rannóg Beartas Teanga Chomhairle na hEorpa Próifíl Beartas Oideachas Teanga d'Éirinn i mí Feabhra 2008. Tugann an phróifíl seo anailís ar staid reatha an oideachais teanga i scoileanna in Éirinn, le haird ar leith tugtha ar riachtanais inimirceach. Bunaíodh grúpa oibre chun é a bhreathnú.

Comhdháil Oideachais

I bhfómhar 2008, beidh an Roinn, i gcomhar leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas agus Grúpa Monatóireachta Straitéiseach an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais, ina hóstach ar chomhdháil mhór "I dTreo Straitéis Náisiúnta um Oideachas Idirchultúrtha".

Staidéir thábhachtacha ar lánpháirtíocht

Tá roinnt eochair-réimsí atá ríthábhachtach do rath na lánpháirtíochta. Toisc go mbíonn tionchar ag na réimsí seo ar réimsí eile, tá sé riachtanach treonna straitéiseacha cuí a bhunú a luaithe is féidir chun dul chun cinn éifeachtúil a chinntiú. Aithníodh ceithre réimse den leithéid seo cheana féin, agus tá na staidéir orthu tugtha chun críche nó ard-fhorbartha. Baineann siad le hoiliúint Béarla d'inimircigh fásta a bhfuil cónaí dleathach orthu anseo; áiseanna ateangaireachta agus aistriúcháin, socruithe maoinithe do mhionlaigh eitneacha agus beartas tithíochta.

Tá an t-athbhreithniú straitéiseach ar oiliúint Béarla ina chomhthionscadal idir Oifig an Aire d'Imeasctha agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Coimisiúnaíodh Horwath Consulting, i gcomhar le raon páirtithe idirnáisiúnta, chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh chun críche straitéis leathan a dhearadh do bhunú treonna straitéiseacha don todhchaí sa réimse tábhachtach seo.

Cabhróidh toradh an athbhreithnithe le forbairt beartas náisiúnta oiliúna Béarla agus bunóidh sé creatlach leathan d'fhorbairtí sa todhchaí sa réimse rí-thábhachtach seo. Tá comhairliúchán fairsing leis an lucht leasmhar i gceist leis. Táthar ag súil leis go dtabharfar an t-athbhreithniú chun críche faoi shamhradh 2008.

Déanann saincheist bhainteach thábhachtach tagairt don ghá straitéis náisiúnta chomhleanúnach a fhorbairt i ndáil le soláthar áiseanna ateangaireachta agus aistriúcháin. Tá tionscnaimh shuntasacha curtha i gníomh sa réimse seo ag a lán Rann agus Gníomhaireachtaí cheana féin, ach ní mór a chinntiú go mbainfidh an straitéis seirbhíse poiblí tríd is tríd an úsáid is fearr is féidir as acmhainní tearca agus go gcomhlíonfaidh sí na caighdeáin chuí.

Sa chomhthéacs seo, trí mheán an NCCRI, choimisiúnaigh Oifig an Aire d'Imeasctha staidéar neamhspleách an bhliain seo caite chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe reatha agus chun creatlach a chur ar fáil d'fhorbairtí sa todhchaí. Táthar ag súil leis go dtabharfar an staidéar chun críche faoi dheireadh Mheitheamh 2008.

Tugadh staidéar eile faoi mhaoiniú d'eagraíochtaí treoraithe ag mionlaigh agus ag daoine eitneacha chun críche cheana féin, agus úsáidfear an fhaisnéis chun beartas maoinithe a threorú, ní hamháin in Oifig an Aire d'Imeasctha, ach i Ranna eile a bhfuil saindualgais mhaoinithe acu i ndáil leis na grúpaí seo. Mhol an staidéar, a rinne Fitzpatrick Associates, cur chuige céimnithe a úsáid i ndáil le maoiniú, agus gur chóir do Ranna Rialtais indibhidiúla díriú isteach ar na línte maoinithe a bhaineann le gníomhaíochtaí gach Roinne faoi seach.

Baineann an staidéar deireanach le réimse tábhachtach na tithíochta, agus déanann sé iarracht dúshláin an phleanálaí agus na ndaoine atá freagrach as tithíocht a chur ar fáil a aithint. Is é an aidhm tríd is tríd leis ná a bhreathnú conas a d'fhéadfaimis gné idirchultúrtha a chur san áireamh i mbeartas tithíochta, pleanáil comharsanachta agus bainistíocht eastát. Tugadh an staidéar chun críche, agus foilseofar go luath é.

Clár um Rialú

Imeascadh

Tuigimid go gcaithfear cinntiú go gcuirfear fáilte roimh ár gcónaitheoirí nua agus go bhfuil imeascadh éifeachtach tacaithe. Mar sin, déanfaimid:

•polasaí náisiúnta imeasctha a fhorbairt, bunaithe ar phrionsabail chomhionannais le dearcadh atá leasaithe agus níos leithne maidir le cuimsiú sóisialta a thógann ar thaithí tíortha eile.

• Aire Stáit a cheapadh a chuirfidh an polasaí imeasctha náisiúnta i bhfeidhm. Tabharfaidh an Oifig le chéileoifigigh thábhachtacha as ranna rialtais cuí a sholáthraíonn seirbhísí in aonad riaracháin amháin d'inimircigh.

• líon na múinteoirí tacaíochta teanga a mhéadú go 1,800 agus riachtanais teanga a athbhreithniú trasna an rialtais.

• Feachtais náisiúnta a chur chun cinn i gcónaí dírithe ar dhúshlán do chiníochas agus tuiscint a chur chun cinn ar éagsúlacht agus feachtais a mhaoiniú a chuireann an pobal ar an eolas faoi ról na hinimirce i sochaí n hÉireann.

• Tacaíocht a thabhairt do na seirbhísí a sholáthraíonn eagraíochtaí bunaithe ar eitneachas nach eagraíochtaí rialtais iad ag obair leis an bpobal inimirceach, go háirithe iad siúd atá ag soláthar do riachtanais chultúrtha agus teanga na n-oibrithe imirceacha

Oifig an Aire d'Imeasctha

Bunaíodh an Oifig seo i mí Iúil 2007 mar fhreagra ar an aitheantas ar leibhéal na himirce go hÉirinn le deich mbliana anuas, go háirithe ó 2004.

Is Aire Stáit i dtrí Roinn é an tAire – An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Aithnítear go bhfuil róil lárnacha ag na trí Roinn seo i ndáil le déileáil le lánpháirtiú imirceach i sochaí na hÉireann, cé go bhfuil sé soiléir go bhfuil freagrachtaí ar Ranna eile freisin, ag dul lena bhfeidhmeanna laethúla.

Nuair a ceapadh an tAire, sannadh freagracht as feidhmeanna Lánpháirtíochta na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, a bhí á bhfeidhmiú ag Gníomhaireacht Fáiltithe agus Lánpháirtíochta na Roinne sin go dtí sin, agus an fhoireann ábhartha, don Oifig nua.

Áiríodh ar na feidhmeanna a aistríodh freagracht as bainistiú athlonnaithe teifeach glactha isteach ag Éirinn mar chuid de chlár na Náisiún Aontaithe um athlonnú teifeach. Lena chois sin, tugadh freagracht as bainistiú cistí éagsúla, lena n-áirítear maoiniú faighte ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh tionscadal in Éirinn deartha chun cabhrú le lánpháirtiú náisiúnaigh 3ú tíortha, d'Oifig an Aire.

Fuarthas cóiríocht oifige san áitreabh ina bhfuil an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag Dún Aimhirgin, 43/49 Bóthar Mespil, BÁC 4.

Ó aistríodh na chéad bhaill foirne, tá roinnt foirne breise sannta don Oifig ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus tá caibidlíocht leanúnach ar siúl chun socruithe optamacha a chur i bhfeidhm leis na Ranna eile a bhfuil baint lárnach acu léi.

Ó bunaíodh í, bhí sé ina tosaíocht mhór de chuid na hOifige an obair ullmhúcháin riachtanach a dhéanamh le haghaidh tháirgeadh na cáipéise seo.

Is iad na chéad chéimeanna eile don Oifig socruithe le haghaidh cistí a scaipeadh a thabhairt chun críche de réir mar a leagtar amach sa cháipéis beartais, agus foireann etc. a chur ar fáil chun tacú leis na struchtúir nua a chuirfear i bhfeidhm.

Le cois an ualaigh oibre éagsúil sin, leanfar ar aghaidh le gnáthobair dheacair, fhada, ach iontach, na hOifige maidir le teifigh chláir a nglactar leo ón NA a athlonnú, agus leanfar freisin le caidreamh leis an lucht leasmhar reatha san earnáil seo chun cur leis an obair atá déanta go dtí seo.

Beidh forbairt láithreán Gréasáin nua don Oifig ina tasc mór.

Aguisín

Ráiteas ilchodach faoi na déimeagrafaic nua bunaithe ar an Daonáireamh 2006 agus na Meastacháin leasaithe ar Dhaonra agus ar Imirce ina dhiaidh sin –scaoilte ar na 18 Nollaig 2007

- 4.24 milliún duine ab ionann don daonra áirithe in Aibreán 2006. Méadú de 323,000 a bhí ann nó 8.2 faoin gcéad i gcomparáid le figiúr Aibreán 2002, as a dtagann an daonáireamh is mó ó 1861de 4,239, 848.

- As an 4.17 million duine a raibh gnáthchónaí orthu sa Stát ar an 23 Aibreán 2006, Bhí náisiúntacht eile seachas Éireannach ag 420,000 (nó 10%) acu- ardaithe ó 224,000 (nó 5.8%) ceithre bliana roimhe sin.

- Má chuirtear torthaí de dhaonáirimh leanúnacha i gcomparáid lena chéile agus líon na mbreitheanna agus na mbásanna a tharla san idirthréimhse á gcur san áireamh go cuí is féidir slat tomhais glanimirce a fháil–sin é an difear idir eisimirce agus inimirce. Idir 2002 agus 2006 191,000 a bhí sa sreabhadh glan-inimirce. Is ionann é seo agus figiúr de 47,800 ar bhonn meánach bliantúil.

- Meastar gur tharla dhá thrian den ghlan-insreabhadh seo sa dá bhliain tar éis aontachais na ndeich mballstát nua don AE i mBealtaine 2004. De réir na Meastachán Daonra, a thomhaiseann sreabhadh imirce, is é an figiúr comparáideach do ghlanimirce thar na ceithre bliana ná 189.6 (2003 go 2006).

- De réir na Meastachán Daonra agus na Meastachán Imirce:

- Meastar gurb é 107,800 líon na n-inimirceach a tháinig go hÉirinn sa dá mhí déag suas go dtí Aibreán 2006 arb é an figiúr is airde a ndearnadh taifeadadh air ó thosaigh an tsraith láithreach de mheastacháin imirce bhliantúla i 1987. Bhí beagnach 36,000 níos mó fear ná ban ag teacht ar imirce go hÉirinn le linn na tréimhse seo. Le linn na tréimhse seo chuaigh 15,800 ar imirce as Éirinn ag fágáil glanimirce de 71,800

Ráiteas ilchodach faoi na déimeagrafaic nua bunaithe ar an Daonáireamh 2006 agus na Meastacháin leasaithe ar Dhaonra agus ar Imirce ina dhiaidh sin –scaoilte ar na 18 Nollaig 2007

- Imirce is cúis le dhá thrian den mhéadú daonra sa bhliain suas go dtí Aibreán 2006. Bhí beagnach leath na n-inimirceach ina náisiúnaigh de na 12 Stát Aontachais nua de chuid an AE, deich gcinn díobh a chuaigh isteach san AE ar an 1 Bealtaine 2004 agus an péire eile ar an 1 Eanáir 2007.

- Is lasmuigh den AE agus de na Stáit Aontaithe a bhí tíortha dúchais 27% na n-inimirceach ar fad.

- Bhí níos mó ná leath na n-inimirceach 25-44 bliana d'aois fad is a bhí 29% eile 15-24 bliana d'aois. Leanaí faoi 15 ba ea thart ar dhuine as deich de na hinimircigh.

- Oíche an Daonáirimh bhí 419,733 duine nach Éireannaigh iad ina gcónaí agus i láthair sa Stát. Mar shampla, bhí náisiúntacht an AE ag thart ar 275,000 de na daoine seo, ba as an gcuid eile den Eoraip 24,000 acu, 35,000 as an Afraic, 47,000 as an Áise agus 21,000 as Meiriceá.

- Chatagóirigh 87.4% de ghnáthchónaitheoirí cúlra a gcultúir mar "Éireannach geal", 1% mar "Afraiceach", 0.1% mar "Cúlra eile de chuid na ndaoine gorma", 0.4% mar "Síneach", 0.9% mar "cúlra ar bith eile de chuid na hÁise" agus 1.1% mar "Eile lena n-áirítear cúlra measctha"

- Maidir le ceist na hinimirce ní mór scrúdú a dhéanamh ar na figiúirí tábhachtacha a bhaineann le hathruithe sa daonra de réir grúpaí creidimh idir 2002 agus 2006. Mar shampla, bhí méadú 70% ar an daonra Moslamach agus méadú 100% ar an daonra Ortadocsach.

Bunreacht na hÉireann

Airteagal 9 .3

Is bundualgas polaitiúil ar gach saoránach bheith dílis don náisiún agus tairiseach don Stát.